## LÁ 4: ÁR SCOIL CHAITLICEACH – AG FREASTAL AR AN BPOBAL

# EOCHAIRFHOCAIL:

**Seirbhís** **Diakonia** **An Samárach Maith**
**Parabal** **Uabhar** **Ionstraim Dé**

F Féach: https://youtu.be/ovj5dzMxzmc (5:46)

F Féach: https://youtu.be/zcrulov45bl (3:05)

Machnamh Pearsanta: Scríobh tuairisc faoi bhealaí inar fhreastail daoine eile ortsa, agus inar chabhraigh siad leat sprioc thábhachtach a bhaint amach

F Féach: https://youtu.be/y6uenFsXFRg (4:03)
Breathnaigh ar an bhfíseán agus mínigh na frásaí:

'Scaoilfidh mé leis an uabhar agus geallaim go bhfreastalóidh mé ar Dhia'

'Ionas gur ionstraim dá lámha láidre a bheadh ionam'

'Roinnfidh mé a Bhriathar agus mé ag obair i bhfíonghort an Tiarna'

Baineann an parabal 'An Samárach Maith' le fear ar tugadh drochíde dó, gur caitheadh ar thaobh an bhóthair é. D'imigh sagart Giúdach agus Léivíteach thairis gan aon chabhair a thairiscint dó. Samárach ba ea an duine a thug an chabhair dó. Tá leagan suas chun dáta ar an scéal ó Shoiscéal Naomh Lúcás anseo. (Lúcás 10: 25-37)

Féach: https://youtu.be/knujQ81iWjk (5:44)
**Déan grúpaí agus freagair na ceisteanna sna cóipleabhair.**

1. Cén fáth an dóigh libh, nár thug na daoine eile aon chabhair?
2. An raibh tréith mhaith ar bith sna daoine nár thug an chabhair?
3. An dtiocfá féin i gcabhair ar an duine gortaithe dá mbeifeá ann?

Smaoinigh ar do scoil Chaitliceach féin. Conas mar a dhéanann sibh freastal ar a chéile?

Machnamh Pearsanta: Conas mar a dhéanann tú féin freastal ar an duine eile?

## AN PÁPA PROINSIAS


(www.washingtonpost.com)


(www.pinterest.ca)


(www.ncronline.com)


(www.independent.co.uk)


(www.cnn.com)

Taispeánann na radhairc thuas gur fear an phobail é an Pápa Proinsias. Bíonn sé ag freastal ar an duine eile in aghaidh an lae. Tugann sé an dea-shampla dúinn nuair a chuireann sé na focail a dúirt Íosa faoi bheith ag freastal ar a chéile i ngníomh.

**Obair:** Aimsigh íomhánna (digiteacha nó cóipeanna crua), a thaispeánann daoine ag freastal ar a chéile.

**Gníomhaíocht Sínithe (1)**
Léigh agus mínigh cad is brí le 'freastal' sna sleachta seo ón Tiomna Nua:

1 Galataigh 5:14
2 Matha 25:40
3 Eabhraigh 13:2
4 Marcas 11:25

**Gníomhaíocht Sínithe (2)**
I gcaibidil 6 de Share the Good News: (Grá Chríost a Roinnt le Cách), deirtear linn go bhfuil freagracht orainn an lámh chúnta a shíneadh chuig aicmí ar leith agus freastal orthu.

## CAITHFEAR AIRE AR LEITH A THABHAIRT DO NA DAOINE SEO

- Daoine faoi Mhíbhuntáiste Sóisialta
- Daoine le Riachtanais Speisialta
- An Pobal Bodhar
- An Lucht Taistil
- Oibrithe Imirceacha
- Na hEasláin

Roghnaigh ceann amháin de na catagóirí seo agus déan cur síos ar an mbealach ina ndéanann do scoil Chaitliceach féin freastal ar na daoine seo agus tacú leo.